Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

## AN tACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (ARNA LEASÚ)

## NA RIALACHÁIN UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2001 (ARNA LEASÚ)

## FÓGRA I dTACA LE hATHRÚ BEARTAITHE UIMH. 1 AR PHLEAN FORBARTHA CHONTAE NA GAILLIMHE 2022 – 2028

Tugtar fógra leis seo, de bhun Alt 13 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), go bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe, arb í Údarás Pleanála Chontae na Gaillimhe í, tar éis Athrú Beartaithe (Athrú Beartaithe Uimh.1) ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022 – 2028 a ullmhú.

An cúis atá le hAthrú Beartaithe Uimh.1 ná freagairt do 'An Creat Náisiúnta Pleanála: An Chéad Athbhreithniú' agus 'Treoirlínte Alt 28 maidir le Cur i bhFeidhm an Chreata Náisiúnta Pleanála – Riachtanais Fáis Tithíochta' agus ceartú a dhéanamh ar earráid i léarscáil chriosaithe úsáid talún d'Órán Mór.

Cuimsíonn an tAthrú Beartaithe na gnéithe seo a leanas:

**Athrú Beartaithe Uimh.1:**

**Cuid A:** Athbhreithniú agus uasdátú ar an Straitéis Tithíochta, agus ar an Measúnú ar Éileamh agus Riachtanas Tithíochta, atá i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe cheana féin mar aon le huasdátú gaolmhar ar an bPlean Forbartha Contae.

**Cuid B:** Uasdátú ar Chuspóirí Beartais agus ar reacaireacht sa Phlean Forbartha Contae a leagfaidh béim athnuaite ar thailte cónaithe Céim 2 sa Chontae.

**Cuid C:** Leasú ar earráid i léarscáil chriosaithe úsáid talún d'Órán Mór.

Beidh na cáipéisí a bhaineann leis an Athrú Beartaithe, mar aon leis na tuarascálacha agus na cinntí gaolmhara a ghabhann leo, i.e. an Tuarascáil Scagthástála um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, an Tuarascáil Scagthástála um Measúnacht Chuí agus an Tuarascáil um Measúnacht Straitéiseach ar Phriacail Tuile, ar fáil lena n-iniúchadh **ón Luan, an 24 Samhain 2025 go dtí 12pm meán lae Dé Máirt, an 23 Nollaig 2025**, an dá lá sin san áireamh, ag na suíomhanna seo a leanas:

(iv) Ar líne ag https://consult.galway.ie/; nó

(v) An Oifig Pleanála, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX (Luan go hAoine 9am-4pm); nó

(vi) Oifigí Ceantair Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ag gach Leabharlann Bhrainse i gcaitheamh gnáthuaireanta oscailte.

Féadfar aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn i leith Athrú Beartaithe Uimh.1 a sheoladh chuig an Údarás Pleanála i gcaitheamh na tréimhse **ón 24 Samhain 2025 go dtí 12pm meán lae ar an 23 Nollaig 2025.**

Ba chóir go mbeadh **'Athrú Beartaithe Uimh.1 ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022 – 2028'** scríofa go soiléir ar aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn agus caithfear iad a chur isteach:

- **Ar líne:** Ar líne ach cuairt a thabhairt ar https://consult.galway.ie/
- **Tríd an ríomhphost:** Seolta tríd an ríomhphost chuig forwardplanning@galwaycoco.ie
- **I scríbhinn:** I scríbhinn agus an seoladh seo ar an gclúdach litreach: **Athrú Beartaithe Uimh.1 ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022– 2028'**, An tAonad um Beartas i dtaca le Pleanáil chun Cinn, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX.

**Maidir le haighneacht a dhéanamh nó tuairim a thabhairt, tabhair an méid seo a leanas faoi deara le do thoil:**

**Déanfar aighneachtaí nó tabharfar tuairimí trí aon mheán amháin agus ba cheart go mbeadh an méid seo a leanas san áireamh:**

- Ainm iomlán agus seoladh/seoladh ríomhphoist an duine atá ag déanamh na haighneachta nó ag tabhairt na tuairime
- Sonraí na heagraíochta /an ghrúpa pobail nó na cuideachta a bhfuil tú ag déanamh ionadaíocht uirthi más ábhartha

Foilseofar gach aighneacht/tuairim ar thairseach chomhairliúcháin na Comhairle tar éis eagarthóireacht a dhéanamh chun cloí leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR). Ina theannta sin, beidh na haighneachtaí i dTuarascáil reachtúil an Phríomhfheidhmeannaigh a chuirfear i láthair na Comhairle ar fad agus a bheidh ar fáil ar líne.

Cinntigh, le do thoil, nach mbeidh faisnéis chráiteach, clúmhillteach ná rúnda i d'aighneacht, lena n-áirítear sonraí pearsanta tríú páirtí gan chead. Coimeádann Comhairle Chontae na Gaillimhe an ceart aon aighneacht nach gcloíonn leis an riachtanas seo a fholú. Coinneofar aon sonraí pearsanta faoi rún.

Foilseofar gach aighneacht nó tuairim maidir leis an Athrú Beartaithe a sheolfar chuig an Údarás Pleanála go **dtí 12pm meán lae ar an 23 Nollaig 2025**, ar thairseach chomhairliúcháin na Comhairle laistigh de 10 lá oibre tar éis don Chomhairle iad a fháil agus measfar iad sula ndéanfar an tAthrú Beartaithe.

Ba chóir a thabhairt faoi deara nach féidir aighneachtaí a mheas ach amháin má bhaineann siad le gné den athrú beartaithe agus ní mheasfar aon aighneacht nach mbaineann leis an athrú beartaithe.

**NÍ GHLACFAR LE hAIGHNEACHTAÍ DÉANACHA**

### SEISIÚN 'BUAIL ISTEACH' DE CHUID AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN PHOIBLÍ

Tugann Comhairle Chontae na Gaillimhe cuireadh duit freastal ar sheisiún 'buail isteach' de chuid an chomhairliúcháin phoiblí ar Athrú Beartaithe Uimh.1 a bheidh ar siúl:

**Déardaoin, an 4 Nollaig 2025 ó 12pm go dtí 5pm**

**in Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX**

### SEIMINEÁR GRÉASÁIN DE CHUID AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN PHOIBLÍ

**Ina theannta sin, reáchtálfar seimineár gréasáin poiblí Dé Céadaoin, an 10 Nollaig 2025 ó 6pm go dtí 7pm**

Beidh sonraí clárúcháin don seimineár gréasáin ar fáil ar

Baile | Tairseach Chomhairliúcháin ar Líne Chomhairle Chontae na Gaillimhe

**Sínithe:** **L. Hanrahan, Stiúrthóir Seirbhísí,**
**Forbairt agus Pleanáil Eacnamaíochta.**

## PLANNING AND DEVELOPMENT ACT 2000 (AS AMENDED)

## PLANNING AND DEVELOPMENT REGULATIONS 2001 (AS AMENDED)

## NOTICE OF PROPOSED VARIATION NO. 1 TO THE GALWAY COUNTY DEVELOPMENT PLAN 2022 – 2028

Notice is hereby given pursuant to Section 13 of the Planning and Development Act 2000 (as amended) that Galway County Council being the Planning Authority of the County of Galway has prepared a Proposed Variation (Proposed Variation No.1) to the Galway County Development Plan 2022 – 2028.

The reason for the Proposed Variation No. 1 is in response to 'The National Planning Framework's First Revision 2025' and the 'Section 28 Guidelines on NPF Implementation – Housing Growth Requirements' and for rectification of land use zoning map for Oranmore.

The Proposed Variation includes the following elements:

**Proposed Variation No.1:**

**Part A:** Review and update of the existing Housing Strategy and Housing Need and Demand Assessment of the Galway County Development Plan with associated updates to the County Development Plan.

**Part B:** Updates to existing Policy Objectives and narrative in the County Development Plan which will place a renewed focus on Residential Phase 2 lands in the County.

**Part C:** Rectification of Land use Zoning Map for Oranmore.

The Proposed Variation documents, and the accompanying Strategic Environmental Assessment Screening Report, Appropriate Assessment Screening Report and associated Determinations, will be available for inspection from **Monday 24th November 2025 to 12 noon on Tuesday 23rd December 2025**, inclusive, at the following locations:

(iv) Online at https://consult.galway.ie/; or

(v) Planning Office, Áras an Chontae, Prospect Hill, Galway, H91 H6KX (Monday-Friday 9am-4pm); or

(vi) Galway County Council Area Offices and at each Branch Library during normal opening hours.

Written submissions or observations in respect of the Proposed Variation No. 1 and associated documents may be made to the Planning Authority during the period **24th November 2025 to 12 noon on 23rd December 2025.**

Written submissions or observations should be clearly marked **'Proposed Variation No.1 to the Galway County Development Plan 2022 – 2028'** and must be submitted either:

- **Online:** Online by visiting https://consult.galway.ie/
- **By Email:** Sent by email to forwardplanning@galwaycoco.ie
- **In Writing:** In writing and addressed to: **'Proposed Variation No.1 to the Galway County Development Plan 2022– 2028'** Forward Planning Policy Unit, Galway County Council, Áras an Chontae, Prospect Hill, Galway H91 H6KX.

**In respect of making a submission or observation please note the following:**

**Submissions/observations shall be made through one medium only and should include:**

- Full name and address/email of person making submission/observation
- Details of organisation/community group/company which you represent where relevant

All submissions/observations will be published on the Council's consultation portal following GDPR compliant redaction. Submissions will also form part of the statutory Chief Executive's Report presented to the full Council, which will be available to view online.

Please ensure that your submission does not contain vexatious, libelous or confidential information, including third party personal data without consent. Galway County Council reserves the right to redact any submission that does not comply with this requirement. Any personal data will be treated as confidential.

All submissions/observations received with respect to the Proposed Variation made to the Planning Authority up to **12 noon on the 23rd December 2025** shall be published on the Galway County Council consultation portal within 10 working days of their receipt by the Council and will be taken into consideration before the making of the Proposed Variation.

It should be noted that submissions can only be considered if they relate to an element of the proposed variation and any submission that does not relate to the proposed variation will not be considered.

**LATE SUBMISSIONS WILL NOT BE ACCEPTED**

### PUBLIC CONSULTATION DROP-IN SESSION

Galway County Council invites you to attend a public consultation drop-in session on the Proposed Variation No.1 to take place on:

**Thursday 4th December 2025 – 12:00 p.m. – 5:00 p.m.**

**in Áras an Chontae, Prospect Hill, Galway, H91 H6KX**

### PUBLIC CONSULTATION WEBINAR

**In addition, a public webinar event will take place on Wednesday 10th December 2025 at 6-7pm**

Webinar Registration Details will be available on

Home | Galway County Council Online Consultation Portal

**Signed:** **L. Hanrahan, Director of Services,**
**Economic Development and Planning.**

**Tá míle fáilte roimh chomhfhreagras agus ghnó i nGaeilge: gaeilge@cocogaillimh.ie www.gaillimh.ie**

**customerservices@galwaycoco.ie www.galway.ie @GalwayCoCo**

*J. Brann, Runai Contae*